C/2025/601

27.1.2025

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas ar leasú caighdeánach ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2025/601)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

‘Arlanza’

PDO-ES-A0613-AM03

Dáta na teachtaireachta: 29.10.2024

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS NA CÚISEANNA LEIS

1. LEASÚ AR NA SRIANTA MAIDIR LEIS NA FÍONTA A DHÉANAMH

Tuairisc:

Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar na srianta fíonóireachta i gcás fíonta dearga, lena leagtar síos nach mór 75 % ar a laghad dá gcion a bheith i gcineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann dearg orthu.

Leasaíodh pointe 3(c) den tsonraíocht agus pointe 5 den doiciméad aonair dá bhrí sin.

Is leasú caighdeánach é sin ós rud é nach bhfuil i gceist leis athrú substaintiúil ar shaintréithe an táirge. Ina ionad sin, is éard atá ann tuairisc níos beaichte i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas. Coimeádtar na saintréithe agus an phróifíl ar a dtugtar tuairisc sa nasc, ar toradh iad ar an idirghníomhaíocht idir tosca nádúrtha agus daonna. Dá bhrí sin, meastar nach dtagann an leasú seo faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Tá gá leis ionas gur féidir sciar d’fhíonchaora a bhfuil craiceann bán orthu a bheith i bhfíonta dearga a dhéantar ar bhealach traidisiúnta. Leagadh síos sciar íosta 75 % de chineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann dearg orthu chun uasteorainn a chur leis an sciar de chineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann bán orthu a áirítear.

2. AN UASTÁIRGEACHT CHEADAITHE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA

Tuairisc:

Rinneadh athbhreithniú ar fhoclaíocht na rann a chomhfhreagraíonn don táirgeacht cheadaithe. Déanfar uastáirgeacht in aghaidh an heicteáir a laghdú 20 % i gcás ina bhfuil na fíonchaora beartaithe chun fíonta a tháirgeadh ar a bhfuil na téarmaí seo a leanas: ‘Vino de Pueblo’ agus ‘Vino de Villa’. Míníodh freisin nach bhféadfar codáin úrfhíona nó fíona a sháraíonn an uastáirgeacht eastósctha a úsáid chun fíonta a tháirgeadh a chosnaítear le ATFC ‘Arlanza’ leis na téarmaí sin.

Leasaíodh leis sin pointe 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 5.1 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin ós rud é nach bhfuil i gceist leis athrú substaintiúil ar shaintréithe an táirge. Ní mheastar go dtagann sé sin faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

([1]) IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Cúis:

Is é is aidhm atá ann roinnt roghanna a chur isteach a bhí á n-iarraidh ag na fíonlanna chun bheith in ann leathnú agus úsáid mar ainm an táirge 'Vino de Pueblo' agus 'Vino de Villa'. Is gá, dá bhrí sin, an táirgeacht a oiriúnú do shaintréithe na bhfíonta sin.

3. NA COINNÍOLLACHA BREISE A THABHAIRT COTHROM LE DÁTA.

Tuairisc:

Tapaíodh an deis na tagairtí reachtacha a thabhairt cothrom le dáta i roinn an chreata dhlíthiúil agus an téarma 'Vino de Villa' a chur isteach sa roinn lipéadaithe. Tapaíodh an deis freisin na ceanglais lipéadaithe a athdhréachtú, agus an téarma sin a chur leis an téarma 'Vino de Pueblo' atá ann cheana.

Leasaíodh pointe 8(a) agus pointe 8(b)(3) den tsonraíocht táirge agus pointe 9 den doiciméad aonair.

Is leasú caighdeánach é sin, ós rud é go dtugann na téarmaí lipéadaithe roghnacha sin tuilleadh faisnéise do thomhaltóirí maidir leis an áit as a dtagann an táirge, ach níl srian ar thrádáil i gceist leo in imthosca ar bith. Dá bhrí sin, meastar nach dtiocfadh an leasú sin faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tásca geografacha.

Cúis:

Chun tuilleadh faisnéise a sholáthar do thomhaltóirí maidir le tionscnamh an fhíona, cuireadh an téarma 'Vino de Villa' isteach le haghaidh fíonta a dhéantar le 100 % ar a laghad dá bhfíonchaora a thagann ó dháileachtaí atá suite ar chríoch an bhardais nó 'eintiteas áitiúil níos lú'. Tá údar maith leis an leasú sin mar gheall ar an éileamh méadaitheach ó thomhaltóirí ar fhaisnéis lena sonraítear an bhunáitíocht bheacht as measc na mbardas agus na n-áiteanna arb éard atá iontu an ATFC.

I gcomhréir le hAirteagal 55(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, is féidir ainm aonaid gheografaigh níos lú a bheith ar an lipéad má rialaítear é sa tsonraíocht táirge agus sa doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

Arlanza

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint

3. **Catagóirí an táirge fíniúna**

1. Fíon

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 22 - DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *FÍON - Fíonta Geala*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta geala: Ó thaobh cuma de, tá a gcuid ton idir dath buí airgeadúil agus órbhuí, geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh. Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe torthaíocha mar shaintréith acu. Maidir leis an mblas, is fíonta cothroma úra iad.

Fíonta geala aosaithe: Ó thaobh cuma de, tá a gcuid ton idir dath buí airgeadúil agus órbhuí, geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh. Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe torthaíocha mar shaintréith acu, agus d'fhéadfadh dea-bholaithe adhmadacha a bheith orthu freisin. Maidir leis an mblas, is fíonta cothroma úra iad a d'fhéadfadh aosú in adhmad a chur i gcuimhne.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 10,5

— Aigéadacht iomlán íosta 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 150

2. *FÍON - Fíonta Rosé*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Fíonta rosé: Ó thaobh cuma de, tá a gcuid ton idir craiceann oinniúin agus dearg na sú talún; tá siad geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh. Maidir leis an mboladh, baineann dea-bholaithe de thorthaí dearga agus/nó dubha leo. Maidir leis an mblas, tá siad úr agus cothrom.

Fíonta rosé aosaithe: Ó thaobh cuma de, tá a gcuid ton idir craiceann oinniúin agus bándearg na sú craobh le miondifríochtaí ón aosú, geal agus/nó lonrach, gan aon solad ar fuaidreamh. Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe torthaí úra agus/nó compóití dearga mar shaintréith acu, mar aon le dea-bholaithe ón adhmad. Maidir leis an mblas, tá siad úr agus cothrom.

(*) Ní sháróidh fíonta a aosaíodh ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin an uasteorainn le haghaidh aigéadacht luaineach a ríomhtar mar a leanas: 1 ghram in aghaidh an lítir suas le 10 % toirte, móide 0,06 gram in aghaidh an lítir le haghaidh gach pointe céatadáin os cionn 10 %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach dul thar 1,08 g/l arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11

— Aigéadacht iomlán íosta 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 150

3. *FÍON - Fíonta Dearga*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ó thaobh cuma de, tá a gcuid toin idir corcairghorm-dhearg agus corcra-dhearg, agus tugann an dath ag an imeall le tuiscint gur fíonta óga iad; tá na fíonta geal, gan aon solad ar fuaidreamh. Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe de thorthaí dearga agus/nó dubha le déine mheánach nó ard mar shaintréith acu. Maidir leis an mblas, tá siad cothrom agus úr.

(*) Ní sháróidh fíonta a aosaíodh ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin an uasteorainn le haghaidh aigéadacht luaineach a ríomhtar mar a leanas: 1 ghram in aghaidh an lítir suas le 10 % toirte, móide 0,06 gram in aghaidh an lítir le haghaidh gach pointe céatadáin os cionn 10 %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach dul thar 1.2 g/l arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 11,5

— Aigéadacht iomlán íosta 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 13,33

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 150

4. *FÍON - Fíonta dearga aosaithe*

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ó thaobh cuma de, tá a gcuid toin idir dath dearg an ghairnéid agus dath donnrua, le miondifríochtaí ón bpróiseas aosaithe; tá siad geal, gan aon solad ar fuaidreamh. Maidir leis an mboladh, tá dea-bholaithe cothroma adhmaid agus torthaí mar shaintréith acu, ag brath ar fhad an aosaithe. Maidir leis an mblas, tá siad tirim agus tá aigéadacht chothrom acu.

(*) Ní sháróidh fíonta a aosaíodh ar feadh níos mó ná 1 bhliain amháin an uasteorainn le haghaidh aigéadacht luaineach a ríomhtar mar a leanas: 1 ghram in aghaidh an lítir suas le 10 % toirte, móide 0,06 gram in aghaidh an lítir le haghaidh gach pointe céatadáin os cionn 10 %. %. In aon chás, ní fhéadfaidh an aigéadacht luaineach dul thar 1.2 g/l arna sloinneadh mar aigéad aicéiteach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte) —

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte) 12

— Aigéadacht iomlán íosta 4 ghram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir) 16,67

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir) 150

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

— Neart alcóil féideartha íosta na bhfíonchaor: 10,5 % i gcás cineálacha geala agus 11,5 % i gcás cineálacha dearga.

— Uasráta eastósctha: 72 lítear in aghaidh 100 cileagram d'fhíonchaora.

— Comhairtear na tréimhsí aosaithe le haghaidh na bhfíonta a n-úsáidtear na téarmaí 'Crianza', 'Reserva' agus 'Gran Reserva' dóibh ón 1 Samhain sa bhliain bhuainte.

2. Srian ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

Ní mór na fíonta geala a tháirgeadh go heisiach ó na cineálacha geala Albillo agus Viura.

Ní mór na fíonta rosé a tháirgeadh ó na cineálacha seo a leanas: Tinta del País, Garnacha Tinta, Mencía, Cabernet Sauvignon, Merlot, Petit Verdot, Albillo Mayor agus Viura, agus beidh na cineálacha dearga in 50 % díobh ar a laghad.

Ní mór na fíonta dearga a tháirgeadh ó 75 % ar a laghad de na cineálacha dearga Tinta del País, Garnacha Tinta, Mencía, Cabernet Sauvignon, Merlot agus Petit Verdot.

3. Cleachtas saothraithe

Dlús íosta fíniúnacha: 2 000 fíniúin in aghaidh an heicteáir.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Cineálacha fíonchaor geal

10 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

72 heictilítear in aghaidh an heicteáir

2. Cineálacha fíonchaor dearg

7 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

50,40 heictilítear in aghaidh an heicteáir

3. Cineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann bán orthu chun 'Vino de Pueblo' nó 'Vino de Villa' a dhéanamh

8 000 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

57,6 heictilítear in aghaidh an heicteáir

4. Cineálacha fíonchaor a bhfuil craiceann dearg orthu chun 'Vino de Pueblo' nó 'Vino de Villa' a dhéanamh

5 600 cileagram d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

40,32 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

— Cúige Burgos:

Avellanosa de Muñó agus na 'heintitis áitiúla níos lú': Pinedillo, Paules del Agua agus Torrecítores del Enebral; Ciruelos de Cervera (polagán cadastrach 518) agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Briongos de Cervera; Cebrecos, Cilleruelo de Abajo, Cilleruelo de Arriba, Covarrubias agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Ura; Fontioso, Iglesiarrubia, Lerma agus na 'heintitis áitiúla níos lú' díobh seo a leanas: Revilla Cabriada, Castrillo Solarana, Rabé de los Escuderos, Santillán del Agua, Ruyales del Agua agus Villoviado; Los Balbases (polagán cadastrach 523), Madrigal del Monte, Madrigalejo del Monte agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Montuenga; Mahamud, Nebreda, Peral de Arlanza, Pineda Trasmonte, Pinilla Trasmonte, Puentedura, Quintanilla del Agua, Tordueles, Quintanilla del Coco agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Castroceniza; Quintanilla de la Mata, Retuerta, Revilla Vallejera, Royuela de Riofranco, Santa Cecilia, Santa Inés, Santa María del Campo, Santibáñez del Val, Santo Domingo de Silos, Solarana, Tordomar, Torrecilla del Monte, Torrepadre, Valles de Palenzuela, Villafruela, Villahoz, Villalmanzo, Villamayor de los Montes, Villangómez agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Villafuertes; Villaverde del Monte agus Zael.

— Cúige Palencia:

Baltanás agus 'eintiteas áitiúil níos lú' Valdecañas de Cerrato, Cobos de Cerrato, Cordovilla la Real, Espinosa de Cerrato, Herrera de Valdecañas, Hornillos de Cerrato, Palenzuela, Quintana del Puente, Tabanera de Cerrato, Torquemada, Villahán agus Villodrigo.

I mbardas Los Balbases, níl ach an limistéar laistigh de pholagán cadastrach 523 oiriúnach chun fíniúnacha a shaothrú. I mbardas Ciruelos de Cervera, níl ach an limistéar laistigh de pholagán cadastrach 518 oiriúnach chun fíniúnacha a shaothrú.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

ALBILLO MAYOR

CABERNET SAUVIGNON

GARNACHA TINTA

MACABEO - VIURA

MENCÍA

MERLOT

PETIT VERDOT

TEMPRANILLO - TINTA DEL PAIS

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

Is iad an aeráid fhoircneach ilchríochach (difríochtaí móra idir teochtaí i rith an lae agus teochtaí i rith na hoíche) agus an airde na tosca fisiceacha is tábhachtaí, go háirithe le linn an phróisis aibithe (mall agus moillithe). Táirgeacht íseal an limistéir freisin, a bhaintear amach trí dhlús íseal fíniúnacha agus trí thanúchán mór na mbarr. Sna dálaí sin, faigheann an cineál 'Tinta del País' gnéithe an-sainiúil a idirdhealaíonn an limistéar sin ó limistéir eile (carnadh polaifeanól agus réamhtheachtaithe aramatacha agus cothromaíocht idéalach idir alcól agus aigéadacht shuntasach). Tá flúirse polaifeanól sna fíonta, tá tathag agus aigéadacht mhór acu, rud a fhágann go n-oireann siad go háirithe d'aosú.

9. **Coinníollacha fíor-riachtanacha breise (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Pacáistiú laistigh den limistéar geografach críochaithe

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Áirítear leis an bpróiseas fíonóireachta buidéalú agus mínghlanadh na bhfíonta. Ar an dóigh sin, ní féidir na tréithe orgánaileipteacha agus fisiceacha agus ceimiceacha a thuairiscítear sa tsonraíocht táirge seo a ráthú ach amháin má dhéantar na hoibríochtaí uile láimhseála fíona sa limistéar táirgeachta. Tá buidéalú fíonta ar cheann de na tosca atá criticiúil chun na saintréithe a leagtar amach sa tsonraíocht táirge a bhaint amach. Dá dheasca sin, agus d'fhonn cáilíocht a áirithiú agus ráthaíocht a sholáthar maidir le tionscnamh agus rialú, ní mór buidéalú a dhéanamh i monarchana buidéalaithe i bhfíonlanna atá lonnaithe sa limistéar táirgeachta.

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

— Ní mór ainm geografach an ATFC, 'Arlanza', a bheith le feiceáil go soiléir ar lipéid na bhfíonta faoi chosaint. Is é *Denominación de Origen* ('ainmniúchán tionscnaimh') an téarma traidisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 112(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

— Ní mór bliain an fhíona a léiriú ar an lipéad, fiú mura n-aosaítear na fíonta.

— Féadfaidh na fíonta dearga agus rosé na téarmaí traidisiúnta seo a leanas a úsáid ar an lipéad: 'Crianza', 'Reserva', 'Gran Reserva' agus 'Roble', ar choinníoll go gcomhlíonann siad an reachtaíocht ábhartha is infheidhme.

— Féadfaidh fíonta dearga agus rosé ATFC 'Arlanza' an téarma 'Roble' a úsáid ar an lipéad má chomhlíonann siad an reachtaíocht is infheidhme atá i bhfeidhm.

— Féadfaidh na fíonta an nath 'Fermentado en barrica' a úsáid ar an bpríomhlipéad faoi na coinníollacha a leagtar síos sa reachtaíocht atá i bhfeidhm.

— De bhun Airteagal 120(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013, féadfar ainm aonaid gheografaigh eile atá níos lú ná an limistéar atá taobh thiar den limistéar geografach críochaithe a shainmhínítear i bpointe 5 den doiciméad aonair seo (bardais agus 'eintitis áitiúla níos lú') a úsáid, in éineacht leis na téarmaí seo a leanas:

— ‘Vino de Pueblo’, ar choinníoll go dtagann 85 % ar a laghad de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon a dhéanamh ó dháileachtaí atá suite san aonad geografach sin atá níos lú.

— ‘Vino de Villa’, ar choinníoll go dtagann 100 % de na fíonchaora a úsáidtear chun an fíon faoi chosaint a dhéanamh ó fhíonchaora ó dháileachtaí atá suite sa bhardas nó sa cheantar sin agus go gcomhlíonann siad an srian ar tháirgeacht a leagtar amach i bpointe 5 de roinn 3 den tsonraíocht seo. Ní mór na focail ‘Vino de Villa’ a léiriú agus ainm geografach an bhardais ábhartha nó ‘Villa’ a chur ina ndiaidh. Seo iad a leanas: Lerma (agus a cheantair Castrillo Solarana, Villoviado, Revilla Cabriada, Rabé de los escuderos, Santillán del agua agus Ruyales del agua), Covarrubias (agus a cheantar Ura), agus Santa Maria del Campo (agus a cheantar Escuderos).

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.itacyl.es/documents/20143/342640/PCC+DOP+ARLANZA+Rev+2.docx/92db96eb-33f7-96da-a01c-a08614ef247e